Oscailt - Club Leabhar.

I measc an slua ag oíche eolais is oscailte Club Leabhar i mBaile Locha Riach bhí Pól Mag Lionáin, O.C.P., Póla Ní Chonchubhair, Rúnaí, Micheál Ó Maolrúnaí, Comhar, Ré Ó Laighléis, údar agus foilsitheoir, Pádraig Ó Luanaigh, Cathaoirleach, Tomás Breathnach, Coiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe agus Muiris Mac Suibhne, cisteoir.

Tháinig slua breá le chéile le haghaidh oíche oscailte Club Leabhar i mBaile Locha Riach le deireannas. Thosaigh an Club Leabhar go neamhfoirmeálta Deireadh Fómhair '08 le dhá sheilf de leabhair in oifig 'Gaeilge Locha Riach' ach anois tá rogha breá fairsing acu agus beagnach 700 leabhar sa chnuasach ina bhfuil rogha breá ábhair le léamh.

Gan amhras, bhí cúis ceiliúrtha acu agus Leabharlann Bheag úrnua oscailte go foirmeálta acu. Is de bharr thacaíocht an phobail aitiúil, Glór na nGael, COGG, Coiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe agus foilsitheoirí mar Coiscéim, Móinín agus Cló Iar-Chonnachta gur tháinig fás agus forbairt ar an Club Leabhar. Gabhadh buíochas do John Hayes go speisialta a chuir ord is eagar ar an bhailiúcháin leabhar agus catalóg déanta chomh maith.

Ag oscailt na leabharlainne go hoifigiúil agus é ag labhairt ag an ócáid, dúirt Ré Ó Laighléis, údar agus foilsitheoir:

"Tá éacht nach beag déanta ag an Club Leabhar leabharlann bheag mar seo a oscailt don phobal. Is áis iontach do dhaoine bualadh isteach agus a rogha leabhar a thógáil, is spreagadh den scoth é do chách go bhfuil a leithéid de Club Leabhar gníomhach agus tá mé cinnte go dtógfar ar na clocha bunaithe seo."

Tá pleananna idir lámha ag an Club Leabhar taighde a dhéanamh ar chúrsaí léitheoireachta is scríbhneoireachta go háitiúil, freastal ar na héilimh sin trí cheardlanna a reachtáil ar chaighdeáin is ar ghenré éagsúla, oícheanta sóisialta a eagrú, aonaigh leabhar a reachtáil agus leabhar bliana a fhoilsiú chomh maith.

Níl costas ar bith le bheith i do bhall sa Club Leabhar agus cuirtear fáilte roimh dhaoine buaileadh isteach agus leabhair a roghnú le páirt a ghlacadh.

Ar ndóigh, tá sé i gceist ag an chlub tógáil ar an leabharlann bheag atá ar fáil agus fáiltíonn siad i gcónaí roimh thacaíocht an phobail agus eile. Má tá leabhair Gaeilge ina luí ar sheilf sa bhaile, beidh an Club Leabhar breá sásta áit ar leith a chruthú dóibh sa Leabharlann Bheag.

Club Leabhar - Open.

A good crowd gathered for the 'Club Leabhar' open night in Loughrea recently. This book club started as a small venture in October 2008 with two shelves of books in 'Gaeilge Locha Riach' office space. The Club Leabhar has grown to have a fine selection covering numerous topics and almost 700 books.

The Club Leabhar had reason to celebrate with their new little library officially opened. The library had grown and developed on account of local support, from organisations as Glór na nGael, COGG, Co. Galway VEC and publishers such as Coiscéim, Móinín and Cló Iar-Chonnachta. Special thanks was given to John Hayes who had spent time in organizing the books and creating a catalogue.

Speaking and officially opening the library, Ré Ó Laighléis, author and publisher said:

"It is no small achievement that the Club Leabhar has opened a such a library for the public. It is a great facility for people to drop in and choose a book, this Club Leabhar through their activities gives everyone great encouragement and I'm sure that they will build on their achievements."

Of course, the Club Leabhar have plans for the future, to carry out a small survey on reading and writing needs locally and to fulfill the demands arising from the survey by organizing writing workshops on various levels and genré, social evenings, book fairs and publishing an annual book.

There is no cost to become a member of the Club Leabhar and folk are invited to drop in and pick out a book.

The Club Leabhar intend to build on their small library and they welcome support from the general public and others. If their are Irish books lying on a shelf at home, the Club Leabhar will gratefully create a special place for them in their library.

Tuilleadh eolais: 091 870718

http://www.lochariach.com